



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséal 1.12.2011
COIM(2011) 827 leagan deireanach

2011/0391 (COD)

Pacáiste i ndáil le haerfoirt

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le rialacha comhchoiteanna do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Aontais Eorpaigh

(Athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SEC(2011) 1443 leagan deireanach}

{SEC(2011) 1444 leagan deireanach}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

1.1. *Cúlra*

1. In aerfoirt ina sáraíonn éileamh aerlínte ar shliotáin éirí de thalamh agus ar shliotáin tuirlingte toilleadh an aerfoirt, úsáidfear meicníochtaí leithroinnta sliotán chun tacar rialacha a shainiú a leanfar chun sliotáin a leithroinnt. Nuair a fhaigheann aerlíne sliotán in aerfort, ciallaíonn sé gur féidir léi gach cuid is gá den bhonneagar a úsáid chun eitilt a oibriú ag am ar leith (rúidbhealach, teacsaibhealach, ionaid pháirceála, agus i gcás paisinéirí, críochfoirt). De réir mar atá critéir an aerfoirt, d'fhéadfadh gá a bheith le leithroinnt sliotán ag uaireanta áirithe den lá nó le linn tréimhsí thar a bheith gnóthach. An aidhm atá ann féachaint chuige go mbeidh rochtain ar aerfoirt phlódaithe á eagrú de réir rialacha cothroma neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha maidir le leithroinnt sliotán éirí de thalamh agus tuirlingte, ionas go bhféadfar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as toilleadh aerfort agus ionas go mbeidh cothrom iomaíochta ann.
2. In 1993 ghlac an Comhphobal Eorpach Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 lena leagtar síos comhrialacha maidir le leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail ('an Rialachán maidir le sliotáin' feasta) agus rinne leasuithe ar roinnt pointí tábhachtacha de in 2004. Cé gur gníomhaíocht dhomhanda an eitlíocht shibhialta, tá sí faoi réir rialacha áitiúla, agus ní mór a mheabhrú, dá bhrí sin, nach ionann an córas leithroinnta sliotán i ngach áit ar domhan. San Eoraip, tá na rialacha maidir le sliotáin bunaithe ar threoirlínte domhanda an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta.
3. Seo a leanas príomhthréithe an chórais leithroinnta sliotán atá ann faoi láthair: caithfidh Ballstát aerfort a ainmniú mar aerfort comhordaithe má thaispeánann anailís chríochnúil ar thoilleadh go bhfuil móreasnamh i dtoilleadh an aerfoirt sin¹. Ansin ainmníonn an Ballstát comhordaitheoir don aerfort. Tá sé de chúram ar an gcomhordaitheoir sin na sliotáin a leithroinnt agus ní mór dó bheith neamhspleách, neodrach, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach.
4. Is do thréimhse sceidealaithe an tsamhraidh nó an gheimhridh a leithroinntear sliotán. Má tá úsáideann aeriompróir sraith sliotán² le linn ar a laghad 80% den am le linn an tséasúir, beidh sé i dteideal na sraithe céanna sliotán le linn an tséasúir ina dhiaidh sin ('sliotáin stairiúla', 'cearta marthanachta' nó 'riail 80-20'). Mura mbaintear an tairseach amach aistrítear na sliotáin go dtí an chomhthiomsú sliotán lena

¹ Aerfoirt a d'fhéadfadh a bheith plódaithe amanna áirithe, ní ainmneofar ach ina n-aerfoirt éascaithe sceideal iad. Sna haerfoirt sin, beidh an nós imeachta bunaithe ar chomhar deonach idir aeriompróirí. Ainmneofar éascaitheoir sceideal chun gníomhaíochtaí aeriompróirí a éascú.

² De réir Airteagal 2(k) den Rialachán maidir le sliotán ciallaíonn "sraith sliotán" cúig sliotán ar a laghad a bheidh iarrtha don am céanna an lá céanna den tseachtain ar bhonn rialta sa tréimhse sceidealaithe chéanna agus a bheidh leithroinnta ar an mbealach sin nó, murar féidir amhlaidh, a bheidh leithroinnta don am céanna a bheag nó a mhór.

leithroinnt. Leithroinntear 50% de shliotáin an chomhthiomsaithe ar iontrálaithe nua i dtús báire³.

5. Faoi láthair tá 89 aerfort lán-chomhordaithe suite i stáit ina bhfuil an Rialachán maidir le sliotán i bhfeidhm (an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch maille leis an Eilbhéis). De na haerfoirt sin, déantar 62 a chomhordú feadh na bliana agus déantar 27 a chomhordú go séasúrach. I roinnt de na haerfoirt sin, amhail London Heathrow agus Paris Orly, bíonn an t-éileamh i bhfad os cionn an toillte i rith an ama feadh na bliana; i roinnt eile acu bíonn an toilleadh teoranta ag tráthanna áirithe d'ardbhrú tráchta. Tá ar a laghad aerfort comhordaithe amháin ag 18 mBallstát ar cheart dóibh, dá bhrí sin, comhordaitheoir a ainmniú.

1.2. Forais agus cuspóirí an togra

6. Ó thaobh neodrachta agus trédhearcacht an nós imeachta de, tá cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le sliotán tar éis feabhas mór a chur ar leithroinnt sliotán in aerfoirt Eorpacha a bhíonn plódaithe, agus rinne sé éascaíocht mhór do chruthú mhargadh inmheánach na heitlíochta. Tugadh an Rialachán maidir le sliotán isteach tráth a raibh forlámhas ag líon beag d'aerlínte náisiúnta traidisiúnta ar mhargadh aeriompair na hEorpa. Sa lá atá inniu ann, áfach, tá an iomaíocht i bhfad níos géire. Ó bhí 1992 ann, tháinig méadú faoi dhó ar an líon bealaí laistigh den AE agus tháinig méadú 150% ar an líon bealaí cianaistir a imíonn as aerfoirt Eorpacha. In 1992, ní raibh ach 93 bealach ann a raibh níos mó ná dhá aerlíne Eorpacha ag freastal orthu. In 2010 bhí 479 bealach mar sin. Is neamhdhóchúil go bhféadfaí an dul chun cinn sin a dhéanamh gan córas a ráthaíonn go leithroinntear sliotán in aerfoirt phlódaithe ar bhealach atá saor ó gach cur isteach gan údar ag na húdaráis phoiblí, ag aerlínte náisiúnta nó ag aerfoirt.
7. Faoi mar a léirigh Eurocontrol agus ACI Europe⁴, tá róphlódú aerfort ar cheann de na dúshláin is mó dá bhfuil roimh an Eoraip. De réir thuartha fadtéarmacha Eurocontrol a foilsíodh i Nollaig 2010⁵, fiú amháin nuair a chuirtear san áireamh na feabhsúcháin bhonneagair atá beartaithe, beidh oiread le 10% den éileamh ar aeriompar gan chomhlíonadh in 2030 as los easpa toillte. Ina theannta sin, léiríonn an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo nach bhfuil sé dóchúil go dtiocfaidh feabhas ar an scéal sna haerfoirt is plódaithe san Aontas, fiú amháin nuair a chuirtear san áireamh na pleananna maidir le hathneartú toillte atá beartaithe⁶.
8. I bhfianaise na heaspa toillte in aerfoirt shár-thábhachtacha agus na n-impleachtaí atá aige sin ar shoghluasteacht shaoránaigh na hEorpa, is é réiteach is fearr ar an scéal, is cosúil, rúidbhealaí agus bonneagar aerfoirt nua a thógáil. Mar sin féin, is ábhar mór inní an tionchar a bhíonn ag bonneagar den chineál sin ar an gcomhshaol agus ar phleanáil talún. Lena chois sin, tá an ghéarchéim eacnamaíoch tar éis an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach buiséad a thaispeáint. Ba cheart réitigh a aimsiú atá níos éifeachtaí agus níos saoire ná cur leis an mbonneagar fisiciúil.

³ De réir Airteagal 2(b) ciallaíonn "iontrálaí nua" iompróirí nach bhfuil in aerfort ag le gearrthamall.

⁴ Airport Council International Europe (www.aci-europe.org).

⁵ <http://www.eurocontrol.int/statfor/gallery/content/public/forecasts/Doc415-LTF10-Report-Vol1.pdf>. Is le haerghluaiseachtaí IFR (rialacha eitilte uirlisí) amháin a bhaineann na figiúirí i dtuarascáil Eurocontrol.

⁶ Féach Tábla 1 'Forecast Airport Congestion' sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo, lch. 7.

9. Is léir nach féidir le meicníocht leithrinnte sliotán toilleadh breise a ghiniúint. Ní féidir le leithroinnt sliotán an iliomad deacrachtaí a thagann as easpa toillte a réiteach ach oiread, deacrachtaí amhail féachaint chuige go bhfuil aerbhealaí go leor chuig réigiúin na hEorpa ó aerfoirt atá ar bheagán toillte, nó feabhas a chur ar na naisc idir moil phlódaíthe agus réigiúin an domhain. Ní fhéadfar go deo riar ar na riachtanais thábhachtacha sin trí fheabhas a chur ar chórais leithrinnte sliotán. Mar sin féin, d'fhéadfaidís bheith ina n-uirlis éifeachtach chun toilleadh teoranta a bhainistiú.
10. Is gá, dá bhrí sin, athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le sliotán chun a thomhas cén chaoi ar féidir feabhas a chur air ionas go mbeidh toilleadh agus an t-éileamh ar aeriompar ag freagairt dá chéile i ngach earnáil (eitiltí cianaistir, naisc réigiúnacha, iompar lastais etc.). Aithnítear sa Pháipéar Bán maidir le hiompar (Márta 2011) an tábhacht a bhaineann le leithroinnt sliotán ó thaobh margadh comhtháite éifeachtach a chruthú don Limistéar Iompair Eorpach Aonair. Is cuid den tionscnamh suaitheantais maidir le hEoraip atá tíosach ar acmhainní a seoladh faoin straitéis 'Eoraip 2020' an Páipéar Bán sin. Dá réir sin, rinne an Coimisiún a dhianmhachnamh ar mheicníochtaí margadh-bhunaithe a thabhairt isteach chun sliotán aerfoirt a bhainistiú; is é an chaoi ar féidir tionchar dearfach a imirt ar iompar ghníomhaithe an mhargaidh (i.e. na haerlínte) trí dhreasachtaí agus buntáistí a thairiscint dóibh agus, ar an dóigh sin, ligean dóibh sin atá in ann an leas is mó eacnamaíoch a bhaint aisti an toilleadh srianta a úsáid. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí úsáid níos ciallmhaire a bhaint as an toilleadh srianta gan cur leis an mbonneagar fisiciúil atá ann cheana.
11. Tá margadh sliotán aerfoirt den chineál sin (i bhfoirm trádála tánaistí) in úsáid cheana sa Ríocht Aontaithe le tamall anuas, rud a luaigh an Coimisiún i dTeachtaireacht dá chuid in 2008⁷. Go deimhin, bhí sliotáin á ndíol is á gceannach in Heathrow ar phraghsanna an-ard: bhí scéal amuigh i Márta 2008 gur íoc Continental Airlines \$209 milliún (EUR 143 milliún de réir an ráta malairte i láthair na huaire sin) as ceithre phéire sliotán in Heathrow.
12. Le blianta beaga anuas, táthar ag tabhairt níos mó airde ar an ngá atá le feabhas a chur ar fheidhmíocht an chórais aeriompair ar leibhéal Eorpach. Taispeánann na hathruithe a rinneadh ó bhí 2009 ann ar bhainistiú aerthráchta san Eoraip mar chuid den tionscnamh 'Aerspás Eorpach Aonair' go ndéantar bainistiú níos fearr ar ghnéithe áirithe den chóras ar leibhéal Eorpach nó réigiúnach. Cruthúnas air sin is ea na bloic d'aerspás feidhmiúil atá cruthaithe agus athneartú atá déanta ar fheidhmeanna lárnacha amhail bainistiú an líonra. I ngeall ar chineál an líonra, eadhon líonra a chuimsíonn idir naisc 'pointe go pointe' agus naisc ghathacha, ní féidir gan tionchar a bheith ag fadhbanna i gcuid amháin den líonra (dúnadh nóid thábhachtaigh, cuir i gcás) ar chodanna eile de. Is amhlaidh is léire a bhíonn an fhadhb sin nuair a bhíonn codanna sár-riachtanacha den líonra ag feidhmiú ag a lán-toilleadh, nó geall leis, rud a laghdaíonn a gcumas glacadh le heitiltí a cuireadh ar mhalairt slí. Dá bhrí sin, chun feabhas a chur ar an gcóras Eorpach ní mór feabhas a chur ar a chumas seasamh i gcoinne géarchéimeanna.

⁷ COIM(2008) 227.

1.3. Cuspóirí an togra

13. Is éard is cuspóir ginearálta an togra seo an leithroinnt agus an úsáid sliotán is fearr is féidir in aerfoirt phlódaithe a áirithiú. Is iad seo a leanas a chuspóirí sonracha:
- (1) meicníochtaí um leithroinnt agus úsáid sliotán a athneartú agus féachaint chuige go gcuirfear chun feidhme iad go héifeachtach; agus
 - (2) iomaíocht chothrom a chur chun cinn agus iomaíocht idir oibreoirí a spreagadh.

1.4. Forálacha atá i bhfeidhm i réimse beartais an togra

14. Baineann an togra le leasú a dhéanamh ar Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt Chomhphobail. Ní aon bhaint dhíreach ag aon fhoráil eile le leithroinnt sliotán.

1.5. Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais Eorpaigh

15. Tá an tionscnamh seo ar cheann de na gníomhaíochtaí is gá chun an Limistéar Iompair Eorpach Aonair a chur i gcrích a bhfuil cur síos air sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal 'Treochlár i dtreo Limistéir Iompar Eorpach Aonair – I dtreo córais iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní' [COIM(2011) 144]. Tá an tionscnamh seo ina chuid den phacáiste beart maidir le haerfoirt freisin, pacáiste atá sainaitheanta mar thionscnamh straitéiseach i gclár oibre an Choimisiúin don bhliain 2011 [COIM(2010) 623] chun le leas a bhaint as an acmhainn fáis atá sa mhargadh aonair.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

2.1. Comhairliúchán le na páirtithe leasmhara

16. Tar éis dó chéad comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara in 2007 agus Teachtaireacht a ghlacadh in 2007 (COM(2007)704) agus in 2008 (COM(2008)227), chuir an Coimisiún tús le hollchomhairliúchán poiblí ar líne i Meán Fómhair 2010 féachaint measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an Rialacháin i láthair na huair sin agus na geallsealbhóirí a spreagadh lena dtuairimí a insint faoi liosta mionsonraithe beart a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar chuid den athbhreithniú ar an Rialachán. Tionóladh comhairliúchán eile leis na páirtithe leasmhara an 29 Samhain 2010; d'fhreastal 16 Bhallstát agus ionadaithe do gach ceann de na grúpaí ábhartha geallsealbhóirí air.
17. Foilsíodh achoimre ar an gcomhairliúchán ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin⁸. Tríd is tríd, tá iompróirí sásta den chaoi a bhfuil an Rialachán maidir le sliotán ag feidhmiú faoi láthair, agus dá bhrí sin, ní raibh bunáite na bhfreagróirí i bhfabhar aon leasú a dhéanamh air. Is éard is cúis le cigilteacht na ceiste seo, i gcás na n-aerlínte

⁸ http://ec.europa.eu/transport/air/studies/airports_en.htm. Tá an achoimre i bpointe 8 den staidéar ar na roghanna maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar shliotán (Steer Davies Gleave, 2011).

go háirithe, rochtain ar na haerfoirt is mó tóir ar domhain a bheith á rialú, i bhfírinne, ag an córas leithroinnte sliotán. Chuir roinnt aerlínte i dtábhacht go bhfuil an easpa toillte in aerfoirt ar an bhfadhb is tromchúisí, rud nach rachadh athruithe ar an Rialachán maidir le sliotán i ngleic leis.

18. Is léire do lucht aerfoirt agus do chomhlachas aerfort ná d'aon dream eile an gá atá le hathrú, agus is dealraithí, dá bhrí sin, go measfaidh siadsan go bhfuil tairbhe le baint as na roghanna a moladh sa chomhairliúchán. Tá an dearcadh céanna ag comhordaitheoirí sliotán freisin, ach níl sé chomh tréan céanna. Tá tuairimí níos éagsúla ag na Ballstáit agus freagróirí eile, cé go bhfuil na geallsealbhóirí deireanacha sin i bhfabhar, tríd is tríd, leasú a dhéanamh ar shliotáin.

2.2. Saineolas a bhailiú agus a úsáid

19. Mar aon leis an bhfaireachán leanúnach atá déanta ag an gCoimisiún ar fheidhmiú an Rialacháin, rinneadh roinnt staidéar seachtrach; tá torthaí na staidéar sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin⁹. Go háirithe, chinn an Coimisiún in 2010 mionanailís a dhéanamh ar an staid ina raibh an chúrsa sa tréimhse 2006–2010¹⁰. De réir chonclúidí an staidéir sin, tá roinnt bac le húsáid éifeachtach thuilleadh aerfort na hEorpa.

2.3. Measúnú tionchair

20. Tá osamharc sa mheasúnú tionchair ar na roghanna éagsúla atá ann. Seo a leanas achoimre ar na trí phacáiste beart:
21. Is éard atá sa chéad phacáiste bearta atá ceaptha feabhas a chur ar éifeachtacht na caoi a leithroinntear agus a n-úsáidtear sliotán, gan aon athrú a dhéanamh ar chineál riaracháin an chórais. Chuirfí feabhas ar an gcóras atá ann faoi láthair ar roinnt slite, ach ní thabharfaí isteach aon mheicníocht margadh-bhunaithe. Ó tharla go bhfuil raon feidhme teoranta ag an bpacáiste seo, tá an sochar a thiocthadh as sách beag, eadhon méadú bliantúil 0,4% ar líon na bpaisinéirí arna n-iompar.
22. Is éard atá sa dara pacáiste an méid atá sa chéad phacáiste móide roinnt nithe breise, lena n-áirítear meicníochtaí margadh-bhunaithe (déantar foráil shonrach ann maidir leis an bhféidearthacht margadh tánaisteach sliotán a bhunú ar fud an AE). Ina theannta sin tá roinnt moltaí ann a chothódh an iomaíocht, amhail athbhreithniú ar an riail maidir le hiontrálaithe nua agus critéir atá pas níos déine maidir le tosaíocht a thabhairt do leithroinnt sliotán don chéad séasúr eile ('cearta marthanachta'). I dtaca leis an tréimhse 2012–2025, meastar go mbeidh mar thoradh ar an bpacáiste seo méadú bliantúil 1,6% (i.e. 23,8 milliún) ar an líon paisinéirí a iomprófar gach bliain, is é sin glansochar eacnamaíoch EUR 5,3 billiún mar aon le méadú mór fostaíochta (suas le 62 000 post lánaimseartha).

⁹ Féach na staidéir seo go háirithe: 'Study to assess the effects of different slot allocation schemes' (National Economic Research Associates (NERA), 2004), agus 'Study on the impact of the introduction of secondary trading at Community airports' (Mott MacDonald, 2006). Tá teacht ar na staidéir go léir atá luaite ag: http://ec.europa.eu/transport/air/studies/airports_en.htm.

¹⁰ Féach an staidéar le Steer Davies Gleave dá dtagraítear i bhfónóta 8.

23. D'fhéadfadh an pacáiste seo díobháil a dhéanamh don chomhshaol ó tharla go dtiocfadh méadú ar astaíochtaí CO₂ i ngeall ar mhéadú eitiltí. Mar sin féin, ós rud é go ndéanfar astaíochtaí CO₂ a bhaineann le haeriompar a chur san áireamh i scéim ghinearálta trádála astaíochtaí an AE ó 2012 ar aghaidh, níor cheart go mbeadh an tsraith bheart seo ina chúis le méadú ar iomlán na n-astaíochtaí CO₂. Ina cheann sin, de bhrí go mbeifear ag baint níos mó úsáide as an toilleadh atá ann cheana, ní bheidh drochthionchar ar an gcomhshaol ag an méadú toille.
24. Is ionann an tríú pacáiste agus an dara pacáiste ach go bhfuil forbairt déanta ar an meicníocht margadh-bhunaithe trí fhoráil a dhéanamh maidir le sliotáin 'cearta marthanachta' agus sliotáin 'stairiúla' a tharraingt siar agus iad a chur ar ceant. Thiocfadh méadú 1,9%–2% ar an líon paisinéirí aeriompair de bharr an phacáiste seo, eadhon 27,3–28,7 milliún paisinéir breise in aghaidh na bliana. Mar sin féin, ó tharla gur beart é sin nár triailleadh riamh, ní mór an sochar a d'fhéadfadh a theacht as a mheá i bhfianaise an bhaoil go dtiocfadh méadú mór ar chostais oibríochtúla na n-aerlínte i ngeall ar chur isteach ar a sceidil agus ar a samhail ghnó ghathach atá bunaithe ar phunann leathan sliotán in aerfoirt phlódaithe. Dá bhrí sin, thiocfadh níos lú sochair eacnamaíoch as an bpacáiste seo, eadhon idir EUR 2,8 billiún agus EUR 5 billiún..
25. I bhfianaise an mheasúnaithe a rinneadh ar na pacáistí beart éagsúla ar bhonn critéar maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht, moltar an dara pacáiste a roghnú as siocair gur mó an sochar a thiocfadh as nó an costas a bheadh air.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1. Achoimre ar na bearta atá beartaithe

3.1.1. An fhéidearthacht dul i muinín trádála tánaistí sliotán agus iomaíocht a athneartú

26. D'fhonn gluaisteacht sliotán a chothú, ceadaítear go sainráiteach sa togra d'aerlínte sliotáin a dhíol agus a cheannach. Beidh sé níos fusa d'aerlínte a sliotáin a chur in oiriúint do riachtanais a sceidil má bhíonn sliotáin níos gluaistí. Tá cead cheana féin sa Rialachán maidir le sliotáin ag aerlínte sliotáin a mhalartú. In go leor cásanna, is éard a bhíonn i gceist sliotán do thráth an lae a bhfuil tóir air a mhalartú ar 'dramhshliotán', is é sin le rá sliotán anonn sa tráthnóna nó go luath sa tráthnóna, rud nach bhfuil an-úsáideach. Nuair atá an t-idirbheart críochnaithe, déantar an 'dramhshliotán', nach raibh aon luach malairte air, a chur ar ais sa chomhthiomsú. Faoin Rialachán atá ann faoi láthair, níl *aistriú* sliotán ceadaithe ach i líon an-bheag cásanna.
27. Níor tháinig an toradh a rabhthas ag súil leis as an riail atá ann faoi láthair maidir le hiontrálaithe nua a thugann tosaíocht d'aerlínte nach bhfuil ach roinnt sliotán in aerfort comhordaithe acu. De ghnáth, nuair a thagann iomaitheoir láidir go haerfort áirithe caithfidh sé punann sliotán inmharthana a fhorbairt le dul in iomaíocht go héifeachtach le hiompróir ceannasach an aerfoirt sin (an t-iompróir náisiúnta de ghnáth). Faoi na rialacha atá ann faoi láthair, is gearr an mhoill go scoireann aerlínte de bheith faoin sainiú ar 'iontrálaí nua' in aerfort, fiú amháin mura a bhfuil ach roinnt sliotán acu. Is i ngeall air sin atá sé beartaithe an sainiú ar 'iontrálaí nua' a leathnú

ionas go mbeidh sé níos dealraithí go dtiocfaidh iomaitheoirí inmharthana chun cinn agus d'fhonn laghdú ar an ilroinnt sceideal a tharlaíonn nuair a leithroinntear sliotán ar líon mór aerlínte nach bhfuil in ann iad a úsáid chun cur i gcoinne na n-aerlínte ceannasacha ar bhealach inmharthana.

3.1.2. *Trédhearcacht an phróisis leithroinnte sliotán agus neamhspleáchas comhordaitheoirí a athneartú*

28. Tá roinnt forálacha sa togra atá ceaptha a áirithiú go ndéanfar an próiseas leithroinnte sliotán ar bhealach atá trédhearcach a dhóthain. Tá sé sin tábhachtach ní amháin do na haerlínte a úsáideann na sliotáin, ach do na húdaráis phoiblí a bhfuil feidhmeanna rialála acu freisin. Is móide a thábhacht i gcomhthéacs córais ina bhfuil trádáil thánaisteach ceadmhach.
29. Fágfaidh an togra go bhféadfar critéir níos déine a leagan síos maidir le neamhspleáchas comhordaitheoirí i leith páirtithe leasmhara. Moltar ann freisin an comhar idir comhordaitheoirí a athneartú trí bhíthin, i dtús báire, tionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt maidir le, mar shampla, ríomhchláir chomónta a fhorbairt chun sliotáin a leithroinnt, nó fiú amháin gníomhaíochtaí comhordaithe aerfoirt atá suite i mBallstáit éagsúla a chomhnascadh. I bhfianaise an dul chun cinn a bheidh déanta, d'fhéadfadh an Coimisiún moladh a dhéanamh i bhfad na haimsire comhordaitheoir Eorpach a chruthú a bheadh freagrach as leithroinnt sliotán in aerfoirt uile an Aontais.

3.1.3. *An córas leithroinnte sliotán a ionchorprú sa leasú ar an Líonra Eorpach um Bainistiú Aerthráchta (an tAerspás Aonair Eorpach)*

30. Is éard is aidhm an togra cuidiú go háirithe an líonra bainistithe aerthráchta ar leibhéal Eorpach a athneartú trí chaidreamh a chruthú idir bainisteoir an líonra Eorpaigh agus an nós imeachta leithroinnte sliotán. Dá bhrí sin, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go ndéanfar anailís ar thoilleadh aerfoirt, i gcás ina measann bainisteoir an líonra go bhfuil gá leis sin chun comhsheasmhacht le plan oibríochtúil an aerfoirt a áirithiú (rud dá bhforáiltear sa Rialachán lena mbunaítear bainisteoir an líonra). Ba cheart an anailís toillte sin a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin a chomhaontófar ar leibhéal Eorpach. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún moltaí a dhéanamh don Bhallstát maidir leis an measúnú toillte má mheasann bainisteoir an líonra nach bhfuil riachtanais an líonra Eorpaigh á gcur san áireamh mar ba cheart. Is éard is aidhm do na moltaí sin ligean don Bhallstát forás an líonra Eorpaigh a chur san áireamh agus feasacht a ardú maidir le tionchar an measúnaithe toillte ar an líonra ina iomláine, i dtaca le moilleanna cuir i gcás.
31. Tugtar isteach leis an togra catagóir nua aerfoirt: 'aerfort ar cuid den líonra é' chomh maith. Ní aerfoirt chomhordaithe iad seo, ach meastar go bhfuil siad tábhachtach siocair go bhféadfaidís réitigh éigeandála a chur ar fáil i gcás ina mbeadh an líonra saofa. Ar an dóigh sin, foráiltear sa togra go ndéanfaidh na comhordaitheoirí faisnéis maidir le hoibríochtaí sna haerfoirt sin a bhailiú.

3.1.4. *Leasú ar an riaiil '80-20', ar an sainiú ar shraith sliotán agus ar dhul i muinín an chórais mhuirir aerfoirt féachaint cur ar ais déanach sliotán sa chomhthiomsú a dhíspreagadh*

32. D'fhonn a áirithiú go mbainfear an leas is fearr is féidir as an toilleadh atá ann faoi láthair, déanann an togra roinnt athruithe ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le húsáid sliotán aerfoirt chun 'cearta marthanachta' a dheonú. Chun go bhféadfar tosaíocht i dtaca le leithroinnt sliotán le linn an chéad séasúir sceidealaithe eile a dheonú ar aerlíne, caithfidh ar a laghad 85% den tsraith sliotán arna leithroinnt a bheith úsáidte aici (in ionad 80% i láthair na huaire).
33. Lena chois sin, tá an t-íosfhad sraithe (i.e. an t-íoslíon sliotán seachtainiúil is gá chun go bhféadfar tosaíocht leithroinnte a dheonú don chéad séasúr comhfhreagrach eile) ardaithe ó 5 go 15 don séasúr samhraidh agus ó 5 go 10 don séasúr geimhridh. Tiocfaidh laghdú ar ilroinnt struchtúr sliotán in aerfort ach fad a chur le sraith sliotán, ós rud é go bhféadann sraitheanna gearra a mheallann cearta marthanachta bac a chur le sraitheanna eile níos faide a bheith á n-oibriú ag aerlínte eile. Déantar foráil maidir le cineálacha éagsúla tráchta (cairtfhostú) d'fhonn saintréithe aerfort réigiúnach a chur san áireamh.
34. D'fhonn a áirithiú gurb amhlaidh a dhéanfar sliotán a chuirtear in áirithe roimh thús séasúir oibríochtúil a oibriú i gcomhréir le clár oibre aerfoirt, cheadódh an togra d'aerfoirt an córas muirir aerfoirt a úsáid d'fhonn iompróir a dhíspreagadh sliotáin a chur ar ais déanach sa chomhthiomsú. Faoi láthair, nuair a chuirtear toilleadh aerfoirt in áirithe gan é a úsáid gintear costas a sheasann na haerlínte a oibríonn san aerfort sin. Spreagann an togra eintiteas bainistíochta aerfort córas muirir a thabhairt isteach a dhíspreagadh aon iompraíocht a mbeadh úsáid neamhéifeacht toillte mar thoradh uirthi.

3.2. *Forálacha nár athraíodh*

35. Tugadh isteach na forálacha seo a leanas ón Rialachán atá ann faoi láthair gan aon athrú: Airteagal 2(a), (b)(i), (e), (g), (k), (l), (o) agus (p); Airteagal 3(1), (2), (4) agus (6); Airteagal 4(1) an dara fleasc, agus (5); Airteagal 5(3)(a) agus (d), agus (4), (5) agus (6); Airteagal 6(3)(a), (b) agus (c); Airteagal 8(1)(a)(i), (ii), (iii) agus (v), agus (c); Airteagal 9(3), (6), (7) agus (9); Airteagal 10(1), (5)(a)(i) agus (iii), agus (c) agus (d), agus (6); Airteagal 12; Airteagal 13(2), an dara fleasc, (b) agus (c), agus (3), an chéad agus an dara fleasc; Airteagal 16(1) agus (5); Airteagal 19; Airteagal 21(2); agus Airteagal 21(2).

3.3. *Bunús dlí*

Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3.4. *Prionsabal na coimhdeachta*

36. Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta a mhéid is nach bhfuil an togra faoi inniúlacht eisiach an AE. Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach ar na cúiseanna seo a leanas. Is gá comhchuibhiú a dhéanamh ar choinníollacha rochtana aerfoirt phlódaithe an AE ionas nach mbeidh bacainní iontrála mar thoradh ar mhírreachtaí idir cleachtais náisiúnta. Is i ngeall air sin is gá

na fadhbanna a bhaineann le rochtain ar aerfoirt phlódaithe na hEorpa a réiteach ar leibhéal Eorpach.

37. An sprioc arb é atá ann feidhmiú mhargadh inmheánach an aeriompair a áirithiú trí bhíthin bac ar thrádáil laistigh den AE a eascraíonn ó chaighdeáin nó rialacha éagsúla náisiúnta maidir le táirgí a laghdú, ní fhéadfadh na Ballstáit é a bhaint amach go leordhóthanach. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus i bhfianaise fhairsinge éifeachtaí na faidhbe, is gá gníomhú ar leibhéal an AE.
38. Tá na rialacha Eorpacha maidir le leithroinnt sliotán ina gcuid shár-riachtanach den reachtaíocht Eorpach ar a bhfuil margadh inmheánach na heitlíochta bunaithe. Tá sé sin amhlaidh toisc go bhfuil gá le córas cothrom, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach leithroinnte toillte in aerfoirt ina bhfuil an t-éileamh níos mó an soláthar chun substaint a chur sa tsaoirse atá ag aeiompróirí Eorpacha aersheirbhísí a sholáthair laistigh den Eorpach, de réir mar atá leagtha amach sa reachtaíocht ábhartha Eorpach.
39. Dá bhrí sin, comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

3.5. Prionsabal na comhréireachta

40. Níl an t-ualach breise atá curtha ar oibreoirí eacnamaíocha, ar chomhordaitheoirí sliotán agus ar údarais náisiúnta thar a bhfuil gá leis chun córas leithroinnte sliotán neamh-idirdhealaitheach agus an leithroinnt toillte is fearr is féidir in aerfoirt phlódaithe na hEorpa a áirithiú.

3.6. Rogha na n-ionstraimí

41. An ionstraim atá beartaithe: Rialachán.
42. Ba cheart feidhm ghinearálta a bheith ag an ionstraim dlí. Tá roinnt oibleagáidí atá infheidhme go díreach maidir le comhordaitheoirí aerfort, aeriompróirí, eintitis bhainistíochta aerfort, eintitis bhainistíochta aerspás na hEorpa agus maidir leis an gCoimisiún. Ar an ábhar sin, rialachán an ionstraim dlí is oiriúnaí, ós rud é nár leor na roghanna eile chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

43. Ní bheidh aon impleacht ag an togra do bhuiséad an AE.

5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

5.1. Simpliú

44. Simplíonn an togra an reachtaíocht atá ann cheana ós rud é ndéanann sé athmhúnú ar an Rialachán maidir le sliotán, á ionchorprú in aon ionstraim amháin na leaganacha leasaithe den Rialachán sin agus na leasuithe atá beartaithe sa togra seo.

5.2. *Aisghairm reachtaíochta atá ann cheana*

45. Déanfar an Rialachán (CE) maidir le sliotán atá ann faoi láthair a aisghairm de thoradh an togra a ghlacadh.

5.3. *An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch*

46. Ábhar a bhaineann leis an LEE atá sa ghníomh atá beartaithe agus ba cheart, dá bhrí sin, an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a chuimsiú ann.

↓ 95/93 (oiriúnaithe)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

~~Chomhphobail~~ maidir le rialacha comhchoiteanna do leithroinnt sliotán in aerfoirt
~~Chomhphobail~~ an Aontais Eorpaigh

(Athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ~~ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa~~ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de ,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialach na hEorpa¹¹,

ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹²,

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ,

de bharr an méid seo a leanas:

↓ nua

(1) Rinneadh Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 lena leagtar síos comhrialacha maidir le leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail¹³ a leasú go suntasach roinnt mhaith uaireanta¹⁴. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, is gá é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

¹¹ IO C [...], an [...], lch. [...].

¹² IO C [...], an [...], lch. [...].

¹³ IO L 14, 22.01.1993, lch. 1.

¹⁴ Féach Iarscríbhinn I.

- (2) Bhí ról cinntitheach ag Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 i mbaint amach margaidh inmheánaigh na heitlíochta agus i bhforbairt an chaidrimh idir an tAontas Eorpach, Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus trí tíortha, trí bhíthin rochtain ar aerfoirt plódaithe an Aontais a áirithiú ar bhonn rialacha neodracha trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha.

↓95/93 aithris 1 (oiriúnaithe)

- (3) Mar sin féin is ag dul i méid atá an éagothroime idir an méadú atá ag teacht ar an gcóras aeriompair san Eoraip agus an acmhainn atá ag ~~bhonneagar leordhóthanach~~ gnéithe áirithe de bhonneagar aerfort chun an t-éileamh sin a shásamh . Mar thoradh air sin, tá méadú ag teacht ar líon na n-aerfort ~~sa Chomhphobal~~ san Aontas atá plódaithe.

↓ nua

- (4) Ní áirithíonn an córas leithroinnte sliotán a bunaíodh in 1993 an sannadh ná an úsáid sliotán is fearr is féidir, dá bhrí sin, ní áirithíonn sé an leithroinnt ná an úsáid is fearr is féidir de thoilleadh aerfort. Ó tharla go bhfuil méadú ag teacht ar phlódú in aerfoirt agus ó tharla nach bhfuil aon mhórfhorbairt á déanamh ar infreastruchtúr nua aerfoirt, is acmhainn luachmhar na sliotáin. Tá sárthábhacht ag baint le rochtain a bheith ar acmhainn den sórt sin ó thaobh seirbhísí aeriompair a sholáthar agus ó thaobh iomaíocht éifeachtach a choinneáil ar bun. Chun na críocha sin, d'fhéadfaí leithroinnt agus úsáid sliotán a dhéanamh níos éifeachtaí trí mheicníochtaí margaidh a thabhairt isteach, trína n-áirithiú go gcuirfí ar fáil sliotáin neamhúsáidte d'oibreoirí leasmhara a luaithe ab fhéidir ar bhealach trédhearcach agus trí athneartú a dhéanamh ar bhunphrionsabail an chórais i dtaca le leithroinnt, bainistiú agus úsáid na sliotán. San am céanna, cé go riarann na sliotáin stairiúla ar an ngá atá ag aerlínte le sceidil chobhsaí, nuair a dhéanfar measúnú amach anseo ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, d'fhéadfaí tabhairt isteach chéimnithe meicníochtaí eile margaidh a chur san áireamh, amhail tarraingt siar na sliotán stairiúil agus iad a chur ar cheant.
- (5) Is gá, dá bhrí sin, coigeartú a dhéanamh ar an gcóras leithroinnte sliotán in aerfoirt an Aontais.

↓95/93 aithris 2 (oiriúnaithe)

- (6) Ba cheart go leanfadh leithroinnt sliotán in aerfoirt atá plódaithe de bheith bunaithe ar rialacha atá neodrach trédhearcach neamh-idirdhealaitheach.

↓ nua

- (7) Ba cheart an córas leithroinnte sliotán atá ann faoi láthair a chur in oiriúint don fhorás a thagann ar mheicníochtaí margaidh a úsáidtear in aerfoirt áirithe chun sliotáin a

aistriú nó a mhalartú. Ina Theachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 95/93 lena leagtar síos comhrialacha maidir le leithroinnt sliotán in aerfóirt an Chomhphobail¹⁵, ghlac an Coimisiún air féin moltaí a dhéanamh dá mba léir gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair ar chúiseanna iomaíochais nó ar chúiseanna eile.

- (8) Léiríonn an taithí a fuarthas go dtí seo nach bhfuil trádáil thánaisteach, is é sin le rá sliotáin a mhalartú ar chúiteamh airgid nó ar chúiteamh eile, ag baint sochair as creat reachtaíochta aonfhoirmeach agus comhsheasmhach, lena n-áirítear ráthaíochtaí trédhearcachta agus cosaintí iomaíochta. Is gá, dá bhrí sin, rialú a dhéanamh ar thrádáil thánaisteach sliotán san Aontas Eorpach.

↓ 95/93 aithris 6
⇒ nua

- (9) Is gné ríthábhachtach í trédhearcacht faisnéise i dtaca le nós imeachta oibiachtúil um leithroinnt sliotán a áirithiú. ⇒ Is gá an trédhearcacht sin a athneartú agus dul chun cinn teicneolaíochta a chur san áireamh. ⇐

↓ 95/93 aithris 10 (oiriúnaithe)
⇒ nua

- (10) Ba cheart go leagfaí síos forálacha chun iontrálaithe nua a ligean isteach ar mhargadh an ~~Chomhphobail~~ Aontais . ⇒ Léiríonn an taithí a fuarthas go dtí seo nár éirigh leis an sainmhíniú atá ann faoi láthair ar iontrálaí nua iomaíochta a chur chun cinn a oiread ab fhéidir agus gur gá dá bhrí sin é a athrú. Ina theannta sin, is gá comhrac a chur ar chleachtais mhí-úsáide, trí shrian a chur ar an bhféidearthacht atá ag oibreoir stádas iontrálaí a ghnóthú nuair atá ina sheilbh aige, i gcomhpháirt lena mháthairchuideachta, lena fochuideachtaí féin nó le fochuideachtaí na máthairchuideachta, 10% d'iomlán na sliotán arna leithroinnt an lá i gceist in aerfort ar leith. Mar an gcéanna, níor cheart a mheas gur iontrálaí nua é aeriompróir a d'aistrigh sliotáin ina cháil mar iontrálaí nua d'fhonn an stádas sin a fháil arís. ⇐

↓ nua

- (11) Is gá deireadh a chur leis an tosaíocht a thugtar d'aeriompróir a iarrann sraith sliotán chun seirbhís sceidealta gan stad a oibriú do phaisinéirí idir an t-aerfort sin agus aerfort réigiúnach, ós rud é go bhfuil an cás sin cumhdaithe cheana ag an tosaíocht a thugtar d'aeriompróir a iarrann sraith sliotán chun seirbhís sceidealta gan stad a oibriú do phaisinéirí idir dhá aerfort san Aontas.

¹⁵ COIM(2008)227.

↓ 95/93 aithris 12 (oiriúnaithe)

- (12) ☒ Ba cheart ☒ ~~é~~ freisin cásanna a thagann chun cinn, de thoradh easpa sliotán bheith ar fáil, a sheachaint ina scaiptear na sochair a bhaintear as an léirscaoileadh go míchothrom agus ina ndéantar an iomaíocht a shaobhadh.

↓ nua

- (13) Tá mórthionchar imeartha ar an bpróiseas leithroinnte sliotán ag an dul chun cinn atá déanta ó thaobh an tAerspás Eorpach Aonair a chur chun feidhme. I ngeall ar fhorchur pleananna feidhmíochta, pleananna a chuireann aerfoirt, soláthróirí seirbhísí aerloingseoireachta agus úsáideoirí aerspáis faoi réir rialacha maidir le maoirseacht agus feabhas a chur ar fheidhmíocht, agus i ngeall ar an bhfeidhm bainistíochta líonra, atá bunaithe ar chur ar bun líonra Eorpaigh bealaí agus ar lárbhainistiú aerthráchta, ní mór na rialacha maidir le leithroinnt sliotán a thabhairt cothrom le dáta. Is gá, dá bhrí sin, creat fóna a chruthú a ligfidh don bhainisteoirí líonra, don chomhlacht meastóireachta feidhmíochta agus do na húdaráis náisiúnta maoirseachta páirt a ghlacadh i leagan síos toillte aerfort agus paraiméadar comhordaithe. Ba cheart, leis, catagóir nua aerfort a chruthú a mbeadh an líonra sin inspéise acu, féachaint an líonra a chumasú le dul i ngleic níos fearr le géarchéimeanna.

- (14) Ba cheart comhordú níos fearr a dhéanamh ar phleananna eitiltí agus sliotán d'fhonn úsáid níos fearr a bhaint as toilleadh aerfort agus feabhas a chur ar phoncúlacht eitiltí.

↓ 95/93 aithris 5 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (15) Ba cheart don Bhallstát atá freagrach as an aerfort ☒ éascaithe sceideal nó as an aerfort ☒ comhordaithe a áirithiú go gceapfar ☒ éascaitheoir sceideal nó ☒ comhordaitheoir nach bhfuil aon amhras ann maidir lena neodracht. ⇒ Chun na críche sin, ba cheart ról na gcomhordaitheoirí a athneartú. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le neamhspleáchas dlíthiúil, eagraíochtúil, cinnteoireachta agus airgeadais an chomhordaitheora i dtaca leis na páirtithe leasmhara, i dtaca leis an mBallstát agus i dtaca leis na comhlachtaí atá spleách ar an Stát sin. Ionas nach gcuirfidh easpa acmhainní daonna, teicniúla nó airgeadais, ná saineolais an Bhallstáit isteach ar ghníomhaíochtaí an chomhordaitheora, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hacmhainní uile is gá ag na comhordaitheoirí chun a gcuid oibre a dhéanamh. ⇐

↓ nua

- (16) Ba cheart oibleagáidí breise a thabhairt isteach d'aeriompróirí a fhad a bhaineann le faisnéis a tharchur chuig an gcomhordaitheoir. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le pionóis bhreise i gcás gan faisnéis a tharchur nó faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a tharchur. I gcás aerfort ar cuid den líonra iad, ba cheart oibleagáid bheith ar

aeriompróirí a chur in iúl na heitiltí atá beartaithe acu nó faisnéis eile ábhartha a iarrann an comhordaitheoir nó an t-éascaitheoir sceideal orthu.

- (17) Ba cheart don Aontas comhar idir comhordaitheoirí agus éascaitheoirí sceideal a éascú ionas go bhféadfaidh siad dea-chleachtais a mhalartú ar a chéile féachaint comhordaitheoir Eorpach a bhunú in am trátha.

↓95/93 aithris 4 (oiriúnaithe)

- (18) ~~Faoi choinníollacha áirithe, ar mhaithe le hoibríochtaí a éascú, go mbeidh Ballstát in ann~~ Féadfar aerfort a ainmniú mar aerfort comhordaithe ar choinníoll go gcomhlíontar prionsabal na trédhearcachta, prionsabal na neodrachta agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sa Rialachán seo .

↓95/93 aithris 3 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (19) ~~Is é is fearr a ráthaítear ceanglas na neodrachta nuair a dhéanfaidh~~ Ba cheart gurbh é an Ballstát atá freagrach as an aerfort sin a dhéanfaidh an cinneadh, ar bhonn critéar oibiachtúil, chun aerfort a chomhordú. ⇒ I bhfianaise an dul chun cinn atá déanta ó thaobh an Aerspás Eorpach Aonair a chur chun feidhme agus ó thaobh fheidhm an bhainisteora líonra, is iomchuí na modhanna a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thoilleadh aerfort a chur ar aon iúl d'fhonn a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Líonra Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta níos fearr. ⇐

↓ nua

- (20) Is gá foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta lena gcinneadh Ballstát an t-ainmniú atá ag aerfort comhordaithe nó ag aerfort sceideal éascaithe a athrú agus aerfort sceideal éascaithe nó aerfort gan stádas, faoi seach, a dhéanamh de.

↓ 95/93 aithris 7

~~D'fhéadfadh na prionsabail lena rialaítear an córas reatha do leithroinnt sliotán a bheith mar bhonn leis an Rialachán seo ar choinníoll go dtiocfaidh forás ar an geóras sin i gcomhréir leis an bhforás ar fhorbairtí nua iompair sa Chomhphobal.~~

↓ nua

- (21) Ba cheart fad bailíochta sraithe sliotán a theorannú don tréimhse pleanála sceideal ar deonáíodh an tsraith lena haghaidh. An tosaíocht atá ag leithroinnt sraith sliotán, fiú

amháin sliotán stairiúla, ba cheart é a bheith bunaithe ar leithroinnt nó dearbhú an chomhordaitheora.

↓ 95/93 aithris 8 (nua)

~~Is cuid de bheartas an Chomhphobail é an iomaíocht a éascú agus iontráil ar an margadh a spreagadh, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 2408/92 ón gComhairle an 23 Iúil 1992 maidir le rochtain aeriompróirí Comhphobail ar aerbhealaí laistigh den Chomhphobal¹⁶, agus éilíonn na cuspóirí sin tacaíocht láidir d'iompróirí a bhfuil sé beartaithe acu tús a chur le hoibríochtaí ar bhealaí laistigh den Chomhphobal.~~

↓ 95/93 aithris 9

~~Tá foráil sa chóras atá ann do chearta marthanachta.~~

↓ 95/93 aithris 11 (oiriúnaithe)
⇒ nua

(22) Is gá forálacha speisialta a dhéanamh ☒ a choinneáil ☒, faoi imthosca teoranta, chun aersheirbhísí intíre leordhóthanacha chuig réigiúin an Bhallstáit ☒ nó na mBallstát ☒ lena mbaineann a choimeád ar bun ⇒ i gcás ina bhfuil oibleagáid seirbhíse poiblí i bhfeidhm ⇐.

↓ nua

(23) Ós rud é gur féidir gnéithe comhshaoil a chur san áireamh sna paraiméadair chomhordaithe agus gur féidir nascacht réigiúnach a áirithiú go hiomlán faoi chuimsiú oibleagáidí seirbhíse poiblí, ní léiríonn na taithí a fuarthas go dtí seo go bhfuil rialacha áitiúla úsáideach. Ina theannta sin, ní féidir a chur as an áireamh go ndéanfar sliotáin a leithroinnt ar bhealach idirdhealaitheach mar thoradh ar rialacha den sórt sin. Is gá, dá bhrí sin, srian a chur leis an bhféidearthacht dul i muinín rialacha áitiúla. Na srianta teicniúla, oibríochtúla, feidhmíochta agus comhshaoil go léir ba cheart do na comhordaitheoirí nó do na héascaitheoirí a chur i bhfeidhm, ba cheart iad a bheith sainithe sna paraiméadair chomhordúcháin. Ar an dóigh sin ní rachfaí i muinín rialacha áitiúla ach chun maoirseacht a dhéanamh ar úsáid sliotán agus chun fad na sraitheanna sliotán a laghdú sna cásanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo. D'fhonn úsáid níos fearr toillte aerfort a chur chun cinn, is gá dhá bhunphrionsabal de chuid na leithroinnthe sliotán a athneartú, eadhon sainiú sraitheanna sliotán agus ríomh sliotán stairiúil. San am céanna, ba cheart rialáil níos fearr a dhéanamh ar an tsolúbthacht atá ag aeriompróirí chun saobhadh a sheachaint agus an Rialachán seo á chur chun

¹⁶ IOL 240, 24.8.1992, lch. 8

feidhme sna Ballstáit. Ba cheart, dá bhrí sin, úsáid níos fearr toillte aerfort a chur chun cinn.

- (24) Ionas go bhféadfaidh aeriompróirí iad féin a chur in oiriúint do ghéarchéimeanna, amhail mórtaitim tráchta nó géarchéim eacnamaíoch a chuirfeadh isteach go mór ar ghníomhaíochtaí aeriompróirí agus ar chuid mhór den tréimhse sceidealaithe, ba cheart cead a thabhairt don Choimisiún bearta práinneacha a ghlacadh d'fhonn a airithiú go mbeidh na bearta a ghlacfar ina aerfoirt chomhordaithe comhsheasmhach. Ligfeadh na bearta sin d'aeriompróirí tosaíocht a choinneáil agus an tsraith chéanna á leithroinnt don chéad tréimhse sceidealaithe eile, fiú amháin sa chás nár baineadh amach an ráta 85%.
